

# **Pictiúir faoi Chaibidil, Seachtain 6:** *Feicim le mo Shúile Beaga Cinn*



Teileascóp Seoirsiach, faoi chlúdach leathair, de chuid theaghlach Cooper Penrose. Gailearáí Ealaíne Crawford

## **Eolas maidir leis an teileascóp:**

Cabhraíonn teileascóp linn rudaí atá i bhfad uainn a fheiceáil. Laistigh den teileascóp tá píosaí de ghloine chuartha, atá cosúil leis na lionsaí a úsáidtear i spéaclaí. Rinneadh an chéad teileascóp breis is 400 bliain ó shin agus ‘an breathnóir’ a baisteadh air! Bhíodh cuid de na chéad teileascóip a rinneadh in iompar ag foghlaithe mara agus captaein farraige agus fadradharcáin a thugtaí orthu seo. Bhí cónaí ar an teaghlach ar leis an teileascóp i dteach mór ar chnoc, anseo i gCorcaigh, 300 bliain ó shin. Bhí siad in ann súil a choinneáil ar na longa a bhí ag taisteal suas agus síos na Laoi.

## **Am chun 'Feicim le mo Shúile Beaga Cinn' a imirt - An féidir leat na rudaí seo a leanas a fheiceáil...?:**

Trí rud atá glas

Rud éigin ciorclach

Rud éigin scríobach

Rud éigin atá an-éadrom

Rud éigin atá láidir  
Rud éigin atá buí  
Rud éigin atá mín  
Rud éigin atá cearnógach  
Rud éigin atá doiléir  
Rud éigin atá luachmhar  
Scáth  
Rud éigin beag bídeach  
Dhá rud atá gorm  
Rud éigin atá sean  
Rud éigin atá in ann snámh

### **Breathnaigh amach an fhuinneog: an féidir leat an méid a fheiceann tú a tharraingt?**

An mbraitheann tú uait do chara? Fiafraigh de dhuine fásta cabhrú leat do phictiúr a sheoladh chuig do chara.

Fiafraigh de do chara an méid a fheiceann sé nó sí ón bhfuinneog a tharraingt ionas gur féidir leat an rud céanna a fheiceáil, píosa fada uaidh!

### **Samhlaigh gur féidir leat cónaí cibé áit is mian leat ar fud an domhain - Lig ort go bhfuil tú ag breathnú trí theileascóp agus tarraing an méid a fheiceann tú!**

Seo roinnt smaointe: sléibhte, sneachta, ilstóraigh, bád, bláthanna, fásach, balúin the, trá, cathair ollmhór, Disneyland, foraois, zú, caisleán, oileán trópaiceach, monarcha milseán, cara nua, preabchaisleán, linn snámha, foghlaithe mara, tornádó, teach crainn....



Thuas: Déan teileascóp duit féin le cara spraíúil a bheidh in ann súil a choinneáil ar gach rud leat!

### **Déan teileascóp duit féin!**

1. Úsáid an feadán cairtchláir ó pháipéar leithris agus píosa de phlaisteach trédhearcach ón mbosca bruscair athchúrsála.
2. Úsáid marcóir agus feadán cairtchláir chun ciorcal a tharraingt ar an bplaisteach.
3. Tarraing cara beag bídeach, ainmhí beag nó long ar an gciorcail plaisteach le buanmharcóir.
4. Úsáid píosa beag seilíteipe chun an ciorcal plaisteach a ghreamú de dheireadh an rolla cairtchláir.
5. Maisigh do theileascóp agus bíodh neart spraoi agat!

---

Ba bhreá linn do scéalta a chloisteáil agus na saothair ealaíne atá déanta agaibh bunaithe ar Pictiúir faoi Chaibidil! Roinn gach rud linn ar Facebook, Instagram agus Twitter tríd an haischlib **#crawfordartgalleryhomelife**